

Creat Foghlama Digití

Ceistneoir Féinmheasúnaithe Ceannaireachta

Caighdeán 1.2: Tiomantas don ionchuimsiú, do chomhionannas deiseanna agus d'fhorbairt iomlánaíoch gach scoláire a chothú.

- 1. Cinntím go bhfuil na teicneolaíochtaí digiteacha a úsáidtear inár scoil ionchuimsitheach agus inrochtana do gach scoláire.** (Cinntím/Ní chinntím)
- 2. Tacaíonn cinntí ceannaireachta (e.g. socrú amchláir, acmhainní a chur ar fáil) le rochtain chothrom ar dheiseanna foghlama digití a chinntiú.** (Tacaíonn/Ní thacaíonn)
- 3. Cuirim chun cinn úsáid na n-uirlisí digiteacha chun tacú le folláine, leis an gcruthaitheacht, agus le guth an scoláire.** (Cuirim/Ní chuirim)
- 4. Tacaím le baill foirne chun idirdhealú a dhéanamh ar an bhfoghlaím dhigiteach chun freastal ar riachtanais éagsúla foghlama.** (Rogha - I gcónaí, Go minic, Uaireanta, Go hannamh, Riamh)
- 5. Déanaim monatóireacht ar leithdháileadh na n-acmhainní digiteacha lena chinntiú go mbíonn comhdheiseanna rannpháirtíochta ag gach scoláire.** (Déanaim/Ní dhéanaim)
- 6. Déanaim baill foirne a spreagadh chun leas a bhaint as cuir chuige dhigiteacha a thacaíonn le forbairt iomlánaíoch na scoláirí.** (Déanaim/Ní dhéanaim)
- 7. Déanaim machnamh agus athbhreithniú ar bheartais dhigiteacha na scoile, lena chinntiú go gcuirtear ionchuimsiú agus cothromas san áireamh iontu.** (Rogha - I gcónaí, Go minic, Uaireanta, Go hannamh, Riamh)
- 8. Cuirtear scoláirí ar an eolas faoi na gnéithe inrochtaineachta atá ar fáil ar ghléasanna digiteacha na scoile agus cuirtear oiliúint orthu sa chaoi is gur féidir leo leas a bhaint as na gnéithe sin.** (Cuirtear/Ní chuirtear)